C/2024/6378

23.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11714 – ONE ROCK CAPITAL / EUROPE SNACKS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6378)

1. An 15 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— One Rock Capital Partners, LLC ('One Rock Capital', na Stáit Aontaithe),

— Snacks Développement SAS ('Europe Snacks', an Fhrainc).

Gheobhaidh One Rock Capital rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Europe Snacks ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é One Rock Capital, a bhfuil a cheanncheathrú aige i Nua-Eabhrac, sna Stáit Aontaithe, agus díríonn sé ar infheistíochtaí cothromais a ghlacann le cothromas i gcuideachtaí meánmhargaidh. Bainistíonn One Rock Capital cistí a infheistíonn i gcuideachtaí punainne a oibríonn in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear Tionscail na gCeimiceán agus na bPróiseas, Monaraíocht agus Dáileadh Bia agus Deochanna, Sainmhonaraíocht, agus Seirbhísí Gnó & Comhshaoil,

— Is cuideachta é Europe Snacks, a bhfuil a cheanncheathrú aige sa Fhrainc, a dhéanann sneaiceanna saillte (criospaí, craicir, grán rósta, etc.) a mhonarú do lipéid phríobháideacha agus a chó-mhonarú san Eoraip, go príomha sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus sa Spáinn.

3. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11714 – One Rock Capital / Europe Snacks

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË